

Réasúnaíocht

Shocraigh Gaelscoil Chill Mhantáin athbhreithniú a dhéanamh ar thinreamh mar gur ceanglas é faoin Acht Oideachais (Leas) 2000

Gaol le héiteas sainiúil na scoile

Déanann Gaelscoil Chill Mhantáin tréan iarracht timpeallacht shítheach agus fáilteach a chothú sa chaoi is go bhfuil fonn ar pháisti freastal ar scoil agus a lánacmhainneacht a chomhlíonadh. Déanann an Ghaelscoil iarracht freisin daltaí na scoile a ullmhú don saol trí luach agus meas do chách a chur chun cinn. Cuirtear sprid chomhoibrithe chun cinn idir an fhoireann, tuismitheoirí, daltaí agus an Bord Bainistíochta.

Aidhmeanna

Is mian leis an scoil na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

- Spéis san fhoghlaim a chothú
- Feasacht ar an tábhacht a bhaineann le tinreamh scoile a ardú
- Na daltaí a bhfuil baol ann go bhfágfaidís scoil luath a aithint
- Feabhas a chur ar an timpeallacht foghlama inar féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh maidir le gach gné dá bhforbairt
- Dearcaí dearfacha a chothú i leith na foghlama
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, luachanna saothair agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach a spreagann daltaí le freastal ar an scoil
- Ceanglais faoin Acht Oideachais (Leas) 2000/Treoirínte ón NEWB a chomhlíonadh

Treoirínte

Faoi alt 21 den Acht Oideachais (Leas), 2000, coinneoidh Príomhoide na scoile taifead ar fhreastal nó ar neamhfhreastal, gach lá scoile, ag gach dalta sa scoil. Bíonn an t-eolas seo a leanas ar fáil i leith gach dalta atá ar Rolla na Scoile:

- Freastal nó neamhfhreastal do gach lá scoile. Is é atá i gceist le freastal ar scoil ná dalta a bheith i láthair nuair a dhéantar seiceáil ar thinreamh.
- Má chuirtear dalta ar fionraí déanfar é seo a thaifead mar asláithreacht sa ghnáthshlí agus é a rangú sa chatagóir fionraithe mar is cuí.
- Na cúiseanna nár freastalaíodh ar scoil

Déantar gníomhaíochtaí a d'eagraigh an scoil agus ar údaraigh an Príomhoide iad m.sh. turais scoile nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, a thaifead mar fhreastal ar scoil.

Neamhfhreastal

- Ní mór do thuismitheoirí nóta a chur isteach go dtí an múinteoir ranga an chéad lá a thagann dalta ar ais tar éis dó bheith as láthair. Coimeádann an múinteoir ranga na nótaí seo le chéile i gclúdach sa leabhar rolla. Cuirtear thuismitheoirí ar an eolas faoin gcleachtas sin nuair a chláraíonn siad páiste sa scoil. Muna bhfaightear nóta ó thuismitheoir (nó muna bhfuil glaoch gutháin faighte ag oifig na scoile) iarrtar orthu nóta a chur isteach gan mhoill. Cuireann an príomhoide an NEWB ar an eolas mar gheall ar dhalta ar bith a bhíonn as láthair ar feadh 20 lá nó níos mó, nó má tá sé imníoch faoi thinreamh linbh.
- Má bhíonn dalta as láthair go rialta buaileann an múinteoir ranga nó an múinteoir tacaíochta foghlama / acmhainne mar is cuí leis na thuismitheoirí chun an tionchar a bhíonn ag neamhfhreastal ar fhoghlaim an linbh a mhíniú. Muna dtagann feabhas ar chúrsaí tinrimh de bharr an chruinniú seo, buailfidh an Príomhoide leis na thuismitheoirí.

Straitéisí na scoile uile chun tinreamh a chothú:

- **Timpeallacht:** Cuireann Gaelscoil Chill Mhantáin timpeallacht shlán, fháilteach ar fáil dár ndaltaí agus dár dtuismitheoirí.

- De ghnáth má thagann páistí déanach tagann tuismitheoir isteach chun na fáthanna a mhíniú nó cuirtear nóta isteach. Má bhíonn dalta déanach go rialta gan chúis téann an múinteoir ranga i dteagmháil leis na tuismitheoirí.
- **Idirghabháil luath:** Cuireann an Príomhoide máithreacha/aithreacha nua ar an eolas faoi nósanna imeachta a bhaineann le tinreamh agus tábhacht an tinrimh ag agallamh sula dtosnaíonn an páiste ar scoil.
- **Obair Baile:** Ní chuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm nuair nach gcríochnaítear an obair bhaile. Má tá fadhbanna ó thaobh obair bhaile nach ndéantar labhraíonn an múinteoir ranga leis na tuismitheoirí chun na fáthanna a fhiosrú.
- **Éide scoile:** Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go gcaitheann na daltaí an éide scoile agus nóta a chur isteach má tá fáth éigin go bhfuil siad gan éide scoile. Má tharlaíonn sé go bhfuil dalta gan éide scoile go rialta gan nóta chuireann an Príomhoide nóta amach do na tuismitheoirí.
- **Lóin:** Má thagann leanbh ar scoil gan lón cuirtear glaoch abhaile chun lón a fháil.
- **Measúnú:** Coimeádann múinteoirí súil ar thinreamh na ndaltaí ar laethanta ar a mbíonn scrúdaithe. Má bhíonn pátrún asláithreachtaí ann déanann múinteoirí athruithe ar nósanna agus ar chleachtas oibre.
- **Comhionannas Rannpháirtíochta:** Gearrtar táillí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí áirithe, m. sh. snámh agus turais scoile. I gcás ranganna snámha iarrann an Príomhoide ar thuismitheoirí dul i dteagmháil leis má tá deacrachtaí acu leis na táillí seo. Tugtar go leor ama do dhaltaí na hábhair atá riachtanach don rang a fháil.
- **Saincheistanna comhionannais:** Tá polasaí comhionannais agus rannpháirtíochta ag an scoil agus bíonn múinteoirí ag faire amach d'éagothroimí gnéaschlaonta/ciníocha/eile sa scoil a chuireann le neamhfheastal roinnt daltaí.
- **Tuairiscí:** Tugann muid tuairisc ar líon na laethanta scoile a chaill leanbh do thuismitheoirí sna tuairiscí ag deireadh bliana/sna cruinnithe tuismitheora/múinteora.
- **Curaclam:** Téann múinteoirí ranga agus múinteoirí tacaíochta / acmhainne i gcomhairle lena gcéile maidir le gnéithe d'fheidhmiú/bainistíocht/teagasc an churaclaim a d'fhéadfadh a chur le fadhbanna tinrimh scoile maidir le roinnt daltaí.
- **Amchlárú:** Má bhíonn daltaí déanach go rialta déantar chuile iarracht na cláir ama ranga indibhidiúla a eagrú chun ábhair shuimiúla a chur ar siúl ar maidin chun freastal ar riachtanais daltaí.
- **Tuismitheoirí:** Cuireann an scoil tuismitheoirí ar an eolas faoi na ceanglais a bhíonn ar scoileanna agus ar thuismitheoirí faoin Acht Oideachais (Leas).
- **Riachtanais Foghlama:** Déanann an Ghaelscoil chuile iarracht freastal ar riachtanais foghlama na ndaltaí "i mbaol".

Straitéisí don neamhfheastal

- Tá tuismitheoirí ar an eolas faoina ndualgais reachtúla a ndéantar cur síos orthu san Acht Oideachais (Leas) maidir lena leanaí ag freastal ar scoil.
- Tá tuismitheoirí ar an eolas faoi dhualgais na scoile mar a dhéantar cur síos orthu san Acht Oideachais (Leas) maidir le neamhfheastal linbh a thuirisciú don Oifigeach Leasa Oideachais, "fógra faoi thinreamh scoile" a bheith seirbheáilte ag an Oifigeach Leasa Oideachais (i ndiaidh gach iarracht réasúnta ag an mBord Oideachais dul i gcomhairle le tuismitheoirí an linbh agus príomhoide na scoile) ar aon tuismitheoir ar dóigh leis an Oifigeach Leasa Oideachais a bhfuil ag teipeadh air/uirthi iallach a chur ar leanbh freastal ar an scoil nó nach bhfuil ag cur ina luí ar leanbh freastal ar an scoil, agus na torthaí féidearthacha a d'fhéadfadh a bheith ar chás i gcoinne tuismitheora a n-éiríonn leis (fíneáil agus/nó tréimhse sa phríosún).

Nósanna imeachta maidir le baint dalta ón gClár/Aistriú ó scoil eile

Baineann an Príomhoide ainm dalta de chlár scoile nuair a chuirtear é ar an eolas go bhfuil an leanbh cláraithe i scoil eile nó nuair a chuireann an Bord Leasa ar an eolas é go bhfuil an leanbh cláraithe ag an mBord mar leanbh atá ag fáil oideachais lasmuigh den scoil.

- Aistriú chuig scoil eile: Nuair a thógann tuismitheoirí leanbh amach as scoil, tugann an Príomhoide teastas do na tuismitheoirí agus don scoil nua a luann tinreamh agus neamhláithreachtaí an linbh sa scoil, an rang deireanach a d'fhreastail an leanbh air agus aon fhaisnéis chúí eile a bhaineann le hoideachas an linbh.
- Aistriú ó scoil eile: Ní mór do phríomhoide na scoile reatha a chur in iúl do phríomhoide na scoile a raibh an leanbh ag freastal uirthi go bhfuil an leanbh cláraithe ina scoil "chomh luath agus is féidir".

Tuairisciú ar asláithreachtaí dalta

Faoin Acht, tá sé de cheangal ar scoil tuairisciú don BNLO sna cásanna seo a leanas:

- nuair atá dalta as láthair 20 lá nó níos mó, ar bhonn carnach
- nuair atá imní ar Phríomhoide faoi thinreamh dalta ar leith
- nuair a chineann an scoil dalta a dhíbirt ón scoil
- nuair a chuirtear dalta ar fionraí ar feadh 6 lá nó níos mó ar bhonn carnach
- nuair a bhaintear ainm dalta ó rolla na scoile, ar cibé cúis

Catagóirí na tuairiscí asláithreachta

- A: Breoiteacht:** Tuairisc faighte go bhfuil an dalta breoite.
- B: Cúiseanna Práinneacha Clainne:** Má cuireadh in iúl go raibh cúinsí práinneacha clainne mar chúis leis an asláithreacht m.sh. bás sa chlann.
- C: Díbeartha:** Dhíbir an Bord Bainistíochta an dalta as an scoil agus baineadh triail as gach próiseas achomhairc inmheánaigh.
- D: Ar Fionraí:** Cuireadh an dalta ar fionraí ón scoil.
- E: Eile:** Gach fáth eile m.sh. laethanta saoire, cúiseanna creidimh, bás an dalta, eisimirce agus araile.
- F: Gan Mhíniú;** Níor thug an tuismitheoir/an caomhnóir aon chúiseanna leis an asláithreacht/na hasláithreachtaí seo.
- G: Aistrithe chuig Scoil Eile:** Fuair an scoil fógra i scríbhinn ó scoil eile go bhfuil dalta aistrithe chuig an scoil sin.

Critéir Rathúlachta

Déanfaidh an Príomhoide comhordú agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm na straitéisí sa ráiteas seo.

Tá sé ar intinn ag Gaelscoil Chill Mhantáin go mbeidh na éifeachtaí seo a leanas ag na straitéisí atá sa ráiteas seo:

- Méadú ar leibhéal tinrimh, rollaí, cláir a sheiceáil

Bainfear úsáid as na critéir seo a leanas chun éifeacht an ráitis seo a mheas:

- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí, tuismitheoirí, daltaí

Róil agus Freagrachtaí

Beidh freagrachtaí áirithe ar na daoine seo a leanas as gnéithe den ráiteas:

- An Príomhoide
- Na Múinteoirí ranga
- Na Múinteoirí Acmhainne, Tacaíochta Foghlama
- Tuismitheoirí
- Daltaí
- An tOifigeach Leasa Oideachais
- An Bord Bainistíochta

Dáta don chur i bhfeidhm

Cruthaithe	Deireadh Fómhair 2010 (2012)
Athbhreithniú déanta	Aibreán 2014
Athbhreithniú le déanamh	Aibreán 2018

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag:

- 1 Foireann Teagaisc Gaelscoil Chill Mhantáin
- 2 Cumann na dTuismitheoirí
- 3 An Bord Bainistíochta

Dáta:

Síniú Cathaoirligh an Bhord Bainistíochta _____